

RAMELTON
FLOOD RELIEF SCHEME



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council



Tionscaldal Éireann
Project Ireland
2040

OPW Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain



Nuachtlitir Feabhra 2024

In This Issue

An Scéal is Déanaí

Seo an naoú nuachtlitir ag Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain. Ar na nithe is mó a rinneadh ón nuachtlitir deireanach bhí mionsamhlú hidrálach, roghnúchán agus gníomhaíochtaí timpeallachta.

Mionsamhlú Hidrálach Lch 2

Roghnúchán Lch 3

Gníomhaíochtaí Timpeallachta Lch 4

Na Chéad Chéimeanna Eile? Lch 5

Mionsamhlú Hiodrálach

Tá an measúnú mionsamhlaithe hiodrálaithe curtha i gcrích agus an Dréacht-tuarascáil Hiodrálaithe curtha ar aghaidh chuig an chliant. Leanann an obair ar aghaidh agus an tuarascáil á nuashonrú i ndiaidh an phróiseas athbhreithnithe. Léirigh an measúnú hiodrálaithe airdí na dtuilte a ndéanfar plé orthu i bhforbairt na scéime faoisimh tuilte.



An Leanainn

Imscrúduithe Talaimh

Tá suíomhanna aimsithe ag Ayesa d'imschrúduithe talaimh le cuidiú le forbairt beartas faoisimh tuilte i ceantar Scéime Rath Mealtain. Tá cáipéisí tairisceana á n-ullmhú faoi láthair do na himscrúduithe talaimh seo agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis na hoibreacha i Ráithe 3, 2024.

Socróidh agus gheobhaidh an fhoireann tionscadail comhaontú ar bhealaí rochtana sula ndéanfar na himscrúduithe talaimh. Socróidh an obair seo na cúinsí ginearálta taobh istigh de cheantar na scéime agus déanfaidh sí eolas do na hoibreacha féideartha agus do na feabhsuithe a aithneofar mar chuid den scéim faoisimh tuilte.

Roghnúchán

Imscrúdú Bhallaí na Cé

Tá measúnacht mhionsonraithe ar bhallaí na cé i Ráth Mealtain beartaithe ina mbeidh an Seandálaí agus Innealtóir Caomhantais páirteach. Déanfaidh sé seo eolas don fhéidearthacht na ballaí seo a chomhtháthú leis an scéim faoisimh tuilte chomh maith le réitigh fhéideartha eile le cuspóirí caomhnaithe agus bainistithe baol tuilte a bhaint amach. Bronnadh an conradh do shainmheasúnacht agus obair ar CORA Consulting Engineers agus cuirfidh siad tús leis an obair le cuairt ar an tsuíomh agus suirbhé go luath I Mí Eanáir, 2024.

Déanfar an t-imscrúdú seo a úsáid le cur chuige inghlactha a aimsiú maidir le cosaint ar thuilte, i gcomhar le hOifigeach Oidhreachta Chomhairle Contae Dhún na nGall, An Cumann Seoirsiach agus Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta.



Titim Bhalla Ché Ráth Mealtain in 2019

Gníomhaíochtaí Timpeallachta

Sainsuirbhéanna

Tá na sainsuirbhéanna bonnlíne timpeallachta do Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain curtha i gcrích go fóill beag. Déanfar suirbhéanna breise nuair a aithneofar beartais fhéideartha cosanta tuilte.

Réitigh Bunaithe ar Nádúr (a raibh ainm Bearta Nádúrtha Coinneála Uisce orthu roimhe seo)

Is ionann Réitigh Bunaithe ar Nádúr agus "réitigh a spreagtar ag an nádúr a thacaíonn leo, atá cost-éifeachtúil agus an am chéanna a chuireann buntáistí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíocha ar fáil agus a chuidíonn le forbairt acmhainneachta" (An Coimisiún Eorpach, 2023).

Chuir an fhoireann tionscadail staidéar féidearthachta agus tuairisc le chéile atá riachtanach do Réitigh Bunaithe Ar Nádúr (NbS) a chuireann deiseanna ar fáil le haghaidh choinneáil uisce.

Tá mapáil maidir le féidearthacht NbS don Cheantar Staidéir curtha i gcrích le laghdú reatha, stóráil tuilemhá agus bainistiú dríodair do na taisctí a dhraenálann chuig ceantar na scéime a mheas. Cuireadh dréacht-thuairisc le chéile don mheasúnú seo.

Tionscadail Eile

Tá sé tugtha faoi deara ag an fhoireann tionscadail go bhfuil tionscadail phoiblí eile ar siúl i Ráth Mealtain faoi láthair. Ina measc seo tá uasghrádú Uisce Éireann ar Scéim Séarachais Ráth Mealtain agus an tionscadal Ramelton Reimagined atá á chur i bhfeidhm ag Comhairle Contae Dhún na nGall. Tá an fhoireann tionscadail SFT ag coinneáil teagmháil leanúnach leis na tionscadail eile seo. D'fhéadfadh mearbhall a bheith ann sa phobal maidir leis na tionscadail éagsúla ach ba mhaith linn a shoiléiriú nach bhfuil Conraitheoir ar bith de chuid Scéim Faoisimh Tuilte ag obair i Ráth Mealtain faoi láthair. Tá conradh um Imscrúdú Talaimh beartaithe do Ráithe 1 2024.

Atbhrandáil

Rinneadh athbhrandáil ar ByrneLooby go Ayesa ar 19 Deireadh Fómhair 2023. Cuirfear an t-ainm 'Ayesa' in áit 'ByrneLooby' ar cháipéisíocht nua nó ar ábhar gaolmhar ar bith eile i ndiaidh an dáta seo.

Rinneadh nuashonrú ar sheoltaí ríomhphoist fhoireann agus scéim ByrneLooby agus anois tá seoltaí Ayesa acu. Rinneadh athbhrandáil ar gach mean sóisialta le margaiócht Ayesa a léiriú. Déan tagairt do na sonraí in Déan Teagmháil Linn nó do shuíomh gréasáin na scéime lenár n-eolas teagmhála nua a fháil.

**Na Chéad Chéimeanna Eile ?**

Sna míonna beaga atá romhainn, beidh Foireann an Tionscadail ag obair ar:

- Leanúint ar aghaidh leis an Roghnúchán
- An saineolaí caomhnaithe a bhainistiú.
- Samhaltú Hiodrálach ar Roghanna Faoisimh Tuilte.
- Leanúint le dréachtú na dTuarascálacha Scagthástála Measúnachta Tionchair Timpeallachta nuair a bheidh limistéir na scéime agus roghanna atá tagtha chun tosaigh curtha i gcrích.
- An Conradh um Imscrúdú Talaimh a bhainistiú.
- Suirbhé Hidreageomoirfeolaíochta



Déan Teagmháil Linn

Más mian leat teagmháil a dhéanamh leis an Fhoireann Tionscadail s'againn i dtaca le ceist ar bith a bhaineann le Scéim Cosanta Tuilte Ráth Mealtain, tig sin a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas:

Rphost

RameltonFRS@Ayesa.com

Gnáthphost

Bainisteoir Tionscadail Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain

Ayesa

Building 2100

Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí

Bóthar Chionn tSáile Corcaigh

Fón

+353 (0) 21 240 7988

Más mian leat aon eolas eile a fháil i dtaca leis an Scéim, lena n-áirítear an clár, tabhair cuairt ar an tsuíomh gréasáin s'againn:

www.floodinfo.ie/frs/en/ramelton/home/